Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**8412/22**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0116(NLE)**

**ACP 42**
**WTO 69**
**COAFR 92**
**RELEX 518**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Aibreán 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 176 final - Iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na Rialacha Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí a ghlacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 176 final - Iarscríbhinn.

Faoi iamh: COM(2022) 176 final - Iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.4.2022
COM(2022) 176 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na Rialacha Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí a ghlacadh**

## CEANGALTÁN

**CINNEADH Uimh. .../2022 ÓN gCOISTE CCE**

**arna bhunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, i ndáil le glacadh na Rialacha Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí**

AN COISTE CCE,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir Gána, de pháirt amháin, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile[1] (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), arna shíniú sa Bhruiséil an 28 Iúil 2016, agus go háirithe Airteagal 59 de,

De bhrí go bhforáiltear sa Chomhaontú go mbeidh nósanna imeachta um Réiteach Díospóidí á rialú ag na Rialacha Nós Imeachta, rialacha a ghlacfaidh an Coiste CCE. Beidh an Cód Iompair i gceangal leis na Rialacha Nós Imeachta sin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Glactar na Rialacha Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in,

[1] IO L 287, 21.10.2016, lch. 3.

## IARSCRÍBHINN

## RIALACHA NÓS IMEACHTA UM RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ

### A. SAINMHÍNITHE

1. I gCaibidil 3 (Nósanna imeachta um réiteach díospóidí) den Chomhaontú agus faoi na Rialacha Nós Imeachta sin, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'foireann riaracháin', i leith painéalaí, daoine aonair faoi stiúradh agus rialú painéalaí, seachas cúntóirí;

(b) ciallaíonn 'comhairleoir' duine atá fostaithe ag Páirtí chun comhairle a chur ar an bPáirtí sin nó chun cúnamh a thabhairt don Pháirtí sin i dtaca leis na himeachtaí painéil;

(c) ciallaíonn 'cúntóir' duine aonair, faoi théarmaí ceapacháin agus faoi stiúradh agus rialú painéalaí, a dhéanann taighde nó a thugann cúnamh don phainéalaí sin;

(d) ciallaíonn 'an Páirtí is déantóir gearáin' aon Pháirtí a iarrann painéal a bhunú faoi Airteagal 49 (An nós imeachta eadrána a thionscnamh) den Chomhaontú;

(e) ciallaíonn 'lá' lá féilire;

(f) ciallaíonn 'painéal' painéal a bhunaítear faoi Airteagal 50 (An painéal eadrána a bhunú) den Chomhaontú;

(g) ciallaíonn 'painéalaí' nó 'eadránaí' comhalta de phainéal;

(h) ciallaíonn 'an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh' an Páirtí a líomhnaítear ina leith go bhfuil na forálacha cumhdaithe á sárú aige;

(i) ciallaíonn 'ionadaí Páirtí' fostaí nó aon duine aonair arna cheapadh ag roinn rialtais, gníomhaireacht nó aon eintiteas poiblí eile de chuid Páirtí a dhéanann ionadaíocht don Pháirtí chun críoch díospóide faoin gComhaontú.

### B. FÓGRAÍ A THABHAIRT

2. Maidir le haon iarraidh, fógra, aighneacht i scríbhinn nó doiciméad eile:

(a) de chuid an phainéil, cuirfear chuig an dá Pháirtí é an tráth céanna;

(b) de chuid Páirtí agus a mbeidh an painéal ina sheolaí aige, déanfar é a chóipeáil chuig an bPáirtí eile an tráth céanna; agus

(c) de chuid Páirtí a mbeidh an Páirtí eile ina sheolaí aige, déanfar é a chóipeáil chuig an bpainéal an tráth céanna, de réir mar is iomchuí.

3. Déanfar aon fhógra dá dtagraítear i Riail 2 a sheoladh trí ríomhphost nó, i gcás inarb iomchuí, trí aon mhodh teileachumarsáide eile lena ndéantar taifead gur seoladh an

fógra sin. Mura gcruthófar a mhalairt, measfar gur seachadadh an fógra sin ar an dáta seolta.

4. Díreofar gach fógra chuig Ard-Stiúrthóireacht Trádála an Choimisiúin Eorpaigh agus chuig an bPríomh-Stiúrthóir, Aire um Thrádáil agus Tionsclaíocht Ghána, faoi seach.

5. Mionearráidí de chineál cléireachais in iarraidh, i bhfógra, in aighneacht i scríbhinn nó i ndoiciméad eile a bhaineann le himeachtaí an phainéil, féadfar iad a cheartú trí dhoiciméad nua a sheachadadh ina léireofar go soiléir na hathruithe.

6. Más rud é gur lá nach lá oibre ag institiúidí an Aontais Eorpaigh nó ag rialtas Ghána é an lá deireanach chun doiciméad a sheachadadh, tiocfaidh deireadh le tréimhse ama chun an doiciméad a sheachadadh ar an gcéad lá oibre ina dhiaidh sin.

**C. LIOSTAÍ PAINÉALAITHE A CHEAPADH**

7. Más rud é, de bhun Airteagal 50.3 (An painéal eadrána a bhunú) den Chomhaontú, go roghnófar painéalaí trí chrannchur, déanfaidh comhchathaoirleach an Choiste CCE ón bPáirtí is déantóir gearáin dáta, am agus ionad an chrannchuir a chur in iúl go pras do chomhchathaoirleach an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh. Iarrfar ar chomhchathaoirleach Choiste CCE ón bPáirtí is déantóir gearáin, nó ar a thoscaire, an crannchur a reáchtáil agus déanfaidh sé amhlaidh mar a bheartaítear i mír 3 agus i mír 4 d'Airteagal 50 (An painéal eadrána a bhunú) den Chomhaontú. Féadfaidh comhchathaoirleach an Choiste CCE ón bPáirtí is déantóir gearáin an roghnú painéalaí sin trí chrannchur a tharmligean.

8. Déanfaidh comhchathaoirleach an Choiste CCE ón bPáirtí is déantóir gearáin an painéalaí nó an cathaoirleach a roghnú trí chrannchur, laistigh de chúig lá tar éis don tréimhse ama dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 50 (An painéal eadrána a bhunú) a dhul in éag, sna cásanna seo a leanas maidir le haon cheann de na foliostaí dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 64 (Liosta eadránaithe):

(a) nár bunaíodh an foliosta i dtaca le liosta na ndaoine aonair a mhol Páirtí amháin nó an dá Pháirtí go foirmiúil chun an foliosta áirithe sin a bhunú; nó

(b) nach ann níos mó do chúigear ar a laghad ar an bhfoliosta, i dtaca leis na ndaoine aonair a bheidh fós ar an bhfoliosta áirithe sin.

Féadfaidh comhchathaoirleach an Choiste CCE ón bPáirtí is déantóir gearáin an roghnú painéalaí sin trí chrannchur a tharmligean.

9. Maidir le gach duine aonair a roghnófar chun feidhmiú mar phainéalaí, is é comhchathaoirleach an Choiste CCE ón bPáirtí is déantóir gearáin a thabharfaidh dóibh fógra i scríbhinn faoina cheapacháin. Dearbhóidh gach duine don dá Pháirtí go bhfuil sé ar fáil laistigh de chúig lá ón dáta a cuireadh in iúl dó gur ceapadh é. Chun dáta bunaithe an phainéil faoi mhír 5 d'Airteagal 50 (An painéal eadrána a bhunú) den Chomhaontú a chinneadh, measfar gurb é an dáta a roghnófar na painéalaithe an dáta ar a mbeidh fógra tugtha ag an duine deireanach de na triúr painéalaithe a roghnaíodh gur ghlac sé leis an gceapachán.

**D. TÉARMAÍ TAGARTHA**

10. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt laistigh de chúig lá tar éis dháta bunaithe an phainéil, is é an méid seo a leanas a bheidh sna téarmaí tagartha:

*'scrúdú a dhéanamh, i bhfianaise fhorálacha ábhartha an Chomhaontaithe seo arna lua ag na Páirtithe, ar an ábhar dá dtagraítear san iarraidh go mbunófaí painéal, cinntí a dhéanamh maidir le comhréireacht an bhirt atá i gceist le forálacha an Chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 46 (Raon Feidhme) agus tuarascáil a thabhairt i gcomhréir le hAirteagail 51 (Tuarascáil eatramhach an phainéil) agus 52 (Rialú ón bpainéal eadrána).'*

11. Má chomhaontaíonn na Páirtithe ar théarmaí tagartha eile, tabharfaidh siad fógra don phainéal i dtaobh na dtéarmaí tagartha comhaontaithe agus déanfaidh siad é sin laistigh den tréimhse ama a leagtar amach i Riail 10.

**E. FEIDHMEANNA AN PHAINÉIL**

12. Déanfaidh an painéal an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh sé measúnú oibiachtúil ar an ábhar os a chomhair, lena n-áirítear measúnú oibiachtúil ar fhíorais an cháis agus ar infheidhmeacht agus ar chomhréireacht na bhforálacha cumhdaithe;

(b) ina chuid cinntí agus tuarascálacha, leagfaidh sé amach na cinntí fíorais, infheidhmeacht na bhforálacha cumhdaithe agus an réasúnaíocht bhunúsach is bonn le haon chinneadh agus aon chonclúid a dhéanfaidh sé; agus

(c) ba cheart dó dul i gcomhairle go rialta leis na Páirtithe agus deiseanna leordhóthanacha a chur ar fáil chun réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach a fhorbairt.

13. Cuirfidh an painéal san áireamh freisin léirithe ábhartha i dtuarascálacha ó Phainéil EDT agus ón mBuanchomhlacht Achomhairc arna nglacadh ag Comhlacht EDT um Réiteach Díospóidí.

**F. CRUINNIÚ EAGRÚCHÁIN**

14. Mura mbeidh a mhalairt comhaontaithe ag na Páirtithe, tiocfaidh na páirtithe agus an painéal le chéile laistigh de sheacht lá ó bunaíodh an painéal chun na ceisteanna a mheasann na páirtithe nó an painéal a bheith iomchuí a shocrú, ceisteanna lena n-áirítear:

(a) an luach saothair agus na speansais a íocfar leis na painéalaithe, mura mbeadh sé sin comhaontaithe níos luaithe. Beidh an luach saothair i gcomhréir le caighdeáin EDT;

(b) an luach saothair a íocfar le cúntóirí, mura mbeadh sé sin comhaontaithe níos luaithe. Ní mó ná 50 % de luach saothair painéalaí a bheidh sa mhéid iomlán luach saothair a íocfar le cúntóir nó cúntóirí an phainéalaí sin;

(c) tráthchlár na n-imeachtaí; agus

(d) nósanna imeachta *ad hoc* chun faisnéis rúnda a chosaint.

15. Féadfaidh painéalaithe agus ionadaithe na bPáirtithe a bheith rannpháirteach sa chruinniú sin ar an bhfón nó i bhfíschomhdháil.

**G. AIGHNEACHTAÍ I SCRÍBHINN**

16. Cuirfidh an Páirtí is déantóir gearáin a aighneacht i scríbhinn isteach tráth nach déanaí ná 20 lá tar éis dháta bunaithe an phainéil. Cuirfidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh a aighneacht i scríbhinn isteach tráth nach déanaí ná 20 lá tar éis dháta seachadta aighneachta i scríbhinn an Pháirtí is déantóir gearáin.

**H. OIBRIÚ AN PHAINÉIL**

17. Is é cathaoirleach an phainéil a bheidh i gceannas ar na cruinnithe ar fad. Féadfaidh an painéal an t-údarás chun cinntí riaracháin agus nós imeachta a dhéanamh a tharmligean chuig an gcathaoirleach.

18. Mura bhforáiltear a mhalairt i gCaibidil 3 (Nósanna imeachta um réiteach díospóidí) den Chomhaontú nó sna Rialacha Nós Imeachta sin, féadfaidh an painéal a chuid gníomhaíochtaí a sheoladh trí aon mhodh, lena n-áirítear an teileafón, tarchuir facs nó naisc ríomhaireachta.

19. Ní fhéadfaidh a bheith rannpháirteach i bpléití an phainéil ach painéalaithe, ach féadfaidh an painéal cead a thabhairt dá gcúntóirí a bheith i láthair ag na pléití.

20. Leanfaidh dréachtú aon chinneadh nó tuarascáil de bheith faoi fhreagracht eisiach an phainéil agus ní dhéanfar é a tharmligean.

21. I gcás ina dtiocfaidh ceist nós imeachta aníos nach gcumhdaítear le Caibidil 3 (Nósanna imeachta um réiteach díospóidí) den Chomhaontú, féadfaidh an painéal, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe, nós imeachta iomchuí a ghlacadh atá ag teacht leis na forálacha sin.

22. Má mheasann an painéal gur gá aon cheann de na tréimhsí ama a mhodhnú le haghaidh na n-imeachtaí seachas na tréimhsí ama a leagtar amach i gCaibidil 3 (Nósanna imeachta um réiteach díospóidí) den Chomhaontú, sin nó gur gá aon choigeartú nós imeachta nó riaracháin eile a dhéanamh, rachaidh sé i gcomhairle i dtús leis na Páirtithe agus cuirfidh sé ar an eolas iad ina dhiaidh sin faoi na cúiseanna leis an athrú nó leis an gcoigeartú sin agus faoin tréimhse ama nó faoin gcoigeartú is gá.

**I. IONADÚ**

23. I gcás ina measann Páirtí nach gcomhlíonann painéalaí ceanglais an Chóid Iompair do Phainéalaithe agus d'Idirghabhálaithe (Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta seo) agus ar an gcúis sin gur cheart é a ionadú, tabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile laistigh de 15 lá tar éis an ama a fuair sé fianaise leordhóthanach maidir leis an líomhain nár chomhlíon an painéalaí ceanglais an Chóid Iompair sin.

24. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile laistigh de 15 lá óna bhfaightear an fógra dá dtagraítear i Riail 23. Cuirfidh siad an painéalaí ar an eolas maidir leis an mainneachtain atá curtha ina leith agus féadfaidh siad a iarraidh ar an bpainéalaí

bearta a dhéanamh chun an mhainneachtain sin a leigheas. Féadfaidh siad freisin, má thagann siad ar chomhaontú faoi sin, an painéalaí a chur as oifig agus painéalaí nua a roghnú i gcomhréir le hAirteagal 50 (An painéal eadrána a bhunú) den Chomhaontú.

25. Mura n-éiríonn leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú gur gá an painéalaí a ionadú, más rud é nach é cathaoirleach an phainéil atá i gceist, féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí a iarraidh go gcuirfear an cheist sin faoi bhráid chathaoirleach an phainéil agus ní fhéadfar achomharc a iarraidh ar chinneadh an chathaoirligh.

I gcás ina gcinnfidh an cathaoirleach nach gcomhlíonann an painéalaí ceanglais an Chóid Iompair do Phainéalaithe agus d'Idirghabhálaithe, roghnófar an painéalaí nua i gcomhréir le hAirteagal 50 (An painéal eadrána a bhunú) den Chomhaontú.

26. Mura n-éiríonn leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú gur gá an cathaoirleach a ionadú, féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí a iarraidh go gcuirfear an cheist sin faoi bhráid duine de na comhaltaí eile ó fholiosta na gcathaoirleach arna bhunú faoi Airteagal 64 (Liosta na n-eadránaithe) den Chomhaontú. Is é Comhchathaoirleach an Choiste CCE ón bPáirtí is iarrthóir, nó toscaire an chathaoirligh, a tharraingeoidh ainm an duine trí chrannchur. Is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an duine roghnaithe maidir leis an ngá atá leis an cathaoirleach a ionadú.

I gcás ina gcinnfidh an cathaoirleach nach gcomhlíonann an painéalaí ceanglais an Chóid Iompair do Phainéalaithe agus d'Idirghabhálaithe, roghnófar an painéalaí nua i gcomhréir le hAirteagal 50 (An painéal eadrána a bhunú) den Chomhaontú.

27. An síneadh ama is gá chun an painéalaí nua a cheapadh, cuirfear an síneadh sin leis an tréimhse ama chun an rialú nó an cinneadh a sheachadadh.

**J. FIONRAÍ AGUS FOIRCEANNADH**

28. Arna iarraidh sin ag an dá Pháirtí, cuirfidh an painéal a chuid oibre ar fionraí tráth ar bith ar feadh tréimhse arna comhaontú ag na Páirtithe, tréimhse nach mó ná 12 mhí as a chéile. Fillfidh an painéal ar a chuid oibre roimh dheireadh na tréimhse fionraí ar iarraidh i scríbhinn ón dá Pháirtí, nó ag deireadh na tréimhse fionraí ar iarraidh i scríbhinn ó cheachtar den dá Pháirtí. Déanfaidh an Páirtí is iarratasóir fógra a sheachadadh chuig an bPáirtí eile dá réir sin. Mura n-iarrfaidh Páirtí go bhfillfidh an painéal ar a chuid oibre tráth éaga na tréimhse fionraí, rachaidh údarás an phainéil i léig agus cuirfear deireadh leis an nós imeachta um réiteach díospóidí. I gcás ina gcuirfear obair an phainéil ar fionraí, cuirfear síneadh leis na tréimhsí ama ábhartha faoin Roinn seo go ceann tréimhse ama a bheidh cothrom leis an tréimhse ama ar cuireadh obair an phainéil ar fionraí lena linn.

**K. ÉISTEACHTAÍ**

29. Ar bhonn na féilire a leagfar amach i gcomhréir le Riail 14 agus tar éis do chathaoirleach an phainéil dul i gcomhairle leis na Páirtithe agus leis na painéalaithe eile, tabharfaidh sé fógra do na Páirtithe faoi dháta, am agus láthair na héisteachta. Cuirfidh an Páirtí a bhfuil an éisteacht ar siúl ar a chríoch an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí, ach amháin má tá an éisteacht dúnta don phobal.

30. Mura mbeidh a mhalairt de chomhaontú déanta ag na páirtithe, is sa Bhruiséil a bheidh an éisteacht más é Gána é an páirtí is déantóir gearáin, agus in Accra más é an

tAontas Eorpach é an páirtí is déantóir gearáin. Seasfaidh an Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh na costais a eascróidh ó riarachán lóistíochta na héisteachta.

31. Féadfaidh an painéal éisteachtaí breise a thionóladh má thagann na Páirtithe ar chomhaontú faoi sin.

32. Beidh na painéalaithe uile i láthair le linn na héisteachta ina hiomláine.

33. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, féadfaidh na daoine seo a leanas freastal ar an éisteacht, bíodh an éisteacht ar oscailt don phobal nó ná bíodh:

(a) ionadaithe de chuid Páirtí;

(b) comhairleoirí;

(c) cúntóirí agus foireann riaracháin;

(d) ateangairí, aistritheoirí agus tuairisceoirí cúirte an phainéil; agus

(e) saineolaithe, arna gcinneadh ag an bpainéal de bhun Airteagal 60 (Faisnéis agus comhairle theicniúil) den Chomhaontú.

34. Tráth nach déanaí ná 5 lá roimh dháta éisteachta, seolfaidh gach Páirtí chuig an bpainéal agus chuig an bPáirtí eile liosta d'ainmneacha na ndaoine a dhéanfaidh argóint nó cur i láthair ó bhéal ag an éisteacht thar ceann an Pháirtí sin agus ainmneacha na n-ionadaithe agus na gcomhairleoirí eile a bheidh ag freastal ar an éisteacht.

35. Is mar seo a leanas a dhéanfaidh an painéal an éisteacht, agus áiritheoidh sé gurb ionann an t-am a thabharfar don Pháirtí is déantóir gearáin agus don Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh ó thaobh argóinte agus frisnéise araon:

*An argóint*

(a) argóint an Pháirtí is déantóir gearáin;

(b) argóint an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh.

*An Argóint Frisnéise*

(a) freagra an Pháirtí is déantóir gearáin;

(b) frithfhreagra an Pháirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh.

36. Féadfaidh an painéal ceisteanna a dhíriú ar cheachtar den dá Pháirtí tráth ar bith le linn na héisteachta.

37. Déanfaidh an painéal socrú ionas go ndéanfar tras-scríbhinn na héisteachta a ullmhú agus a sheachadadh chuig na Páirtithe a luaithe is féidir tar éis na héisteachta. Féadfaidh na Páirtithe barúil a thabhairt faoin tras-scríbhinn agus féadfaidh an painéal na barúlacha sin a bhreithniú.

38. Féadfaidh gach Páirtí aighneacht bhreise i scríbhinn a thabhairt maidir le haon ábhar a thagann chun cinn le linn na héisteachta laistigh de 10 lá tar éis dháta na héisteachta.

**L. CEISTEANNA I SCRÍBHINN**

39. Féadfaidh an painéal ceisteanna i scríbhinn a chur faoi bhráid Páirtí amháin nó an dá Pháirtí tráth ar bith le linn na n-imeachtaí. Déanfar aon cheist a chuirfear faoi bhráid Páirtí amháin a chóipeáil chuig an bPáirtí eile.

40. Cuirfidh gach páirtí cóip dá fhreagraí ar fáil don Pháirtí eile ar na ceisteanna a chuir an painéal faoina bhráid. Beidh deis ag an bPáirtí eile barúlacha i scríbhinn a chur ar fáil maidir le freagraí an Pháirtí laistigh de chúig lá tar éis an chóip sin a sheachadadh.

41. Ar iarraidh ó Pháirtí, nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh an painéal faisnéis ábhartha a mheasann sé a bheith riachtanach agus iomchuí a lorg ó na Páirtithe. Freagróidh na Páirtithe go pras agus go hiomlán aon iarraidh ón bpainéal ar fhaisnéis den sórt sin.

**M. RÚNDACHT**

42. Is mar fhaisnéis rúnda a chaithfidh gach Páirtí agus an painéal le haon fhaisnéis a chuirfidh an Páirtí eile faoi bhráid an phainéil agus a bheidh ainmnithe mar fhaisnéis rúnda ag an bPáirtí eile. Nuair a dhéanfaidh Páirtí aighneacht i scríbhinn ina bhfuil faisnéis rúnda a chur faoi bhráid an phainéil, déanfaidh sé, laistigh de 15 lá, aighneacht eile a chur isteach gan an fhaisnéis rúnda inti agus nochtfar an aighneacht sin don phobal.

43. Ní chuirfidh na Rialacha Nós Imeachta sin aon bhac ar Pháirtí a bharúlacha féin a nochtadh don phobal ar choinníoll nach nochtfaidh sé, agus tagairt á déanamh aige d'fhaisnéis a fuair sé ón bPáirtí sin, aon fhaisnéis a fuair sé ón bPáirtí eile ar ainmnigh an Páirtí sin gur faisnéis rúnda í.

44. Is go príobháideach a thionólfaidh an painéal codanna áirithe den seisiún má bhíonn faisnéis rúnda in aighneachtaí agus in argóintí an pháirtí. .Más i seisiún dúnta a thionólfar éisteachtaí an phainéil, coinneoidh na Páirtithe rúndacht na n-éisteachtaí sin.

**N. TEAGMHÁLACHA *EX PARTE***

45. Ní thiocfaidh an painéal le chéile nó ní dhéanfaidh sé cumarsáid le haon Pháirtí gan an Páirtí eile a bheith i láthair.

46. Ní phléifidh painéalaí aon ghné d'ábhar na n-imeachtaí le Páirtí amháin ná leis an dá Pháirtí gan na painéalaithe eile a bheith i láthair.

**O. AIGHNEACHTAÍ *AMICUS CURIAE***

47. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt laistigh de 5 lá ó dháta bunaithe an phainéil, féadfaidh an painéal aighneachtaí i scríbhinn gan iarraidh a fháil ó dhaoine nádúrtha de chuid Páirtí, nó ó dhaoine dlítheanacha atá bunaithe i gcríoch Páirtí atá

neamhspleách ar rialtais na bPáirtithe, ar choinníoll go gcomhlíonfar an méid a leanas:

(a) go bhfaighidh an painéal na haighneachtaí laistigh de 10 lá ó dháta bunaithe an phainéil;

(b) go bhfuil na haighneachtaí gonta agus nach mbeidh siad níos faide ná 15 leathanach in aon chás, lena n-áirítear aon iarscríbhinn, agus iad clóscríofa ar spás dúbailte;

(c) go bhfuil na haighneachtaí ábhartha go díreach maidir le saincheist fhíorasach nó saincheist dhlíthiúil atá á breithniú ag an bpainéal;

(d) go bhfuil tuairisc sna haighneachtaí ar an duine a dhéanfaidh an aighneacht, lena n-áirítear, i gcás duine nádúrtha, a náisiúntacht agus, i gcás duine dhlítheanaigh, áit a bhunaithe, cineál a ghníomhaíochtaí, a stádas dlíthiúil, a chuspóirí ginearálta agus a fhoinse maoinithe;

(e) go sonrófar sna haighneachtaí cad é an cineál leasa atá ag an duine sna himeachtaí painéil; agus

(f) go ndéanfar iad a dhréachtú sna teangacha a roghnóidh na Páirtithe i gcomhréir le rialacha 54 agus 55 de na Rialacha Nós Imeachta.

48. Tabharfar fógra faoi na haighneachtaí chuig na Páirtithe ionas gur féidir leo a mbarúlacha a thabhairt fúthu. Féadfaidh na páirtithe a mbarúlacha a thabhairt don phainéal laistigh de 10 lá ó sheachadadh na teachtaireachta.

49. Liostóidh an painéal ina thuarascáil na haighneachtaí go léir a fuair sé de bhun riail 47. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an bpainéal aghaidh a thabhairt ina thuarascáil ar na hargóintí a rinneadh sna haighneachtaí sin, mar sin féin, má dhéanann sé amhlaidh, cuirfidh sé san áireamh freisin aon bharúil a thabharfaidh na Páirtithe de bhun riail 48.

**P. CÁSANNA PRÁINNEACHA**

50. I gcásanna práinne dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 52 (Rialú ón bpainéal eadrána) den Chomhaontú sin, déanfaidh an painéal, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Páirtithe, de réir mar is iomchuí, na tréimhsí ama dá dtagraítear sna Rialacha Nós Imeachta seo a choigeartú, seachas na tréimhsí ama dá dtagraítear i Riail 10 (Na Téarmaí Tagartha). Tabharfaidh an painéal fógra faoi na coigeartuithe sin do na Páirtithe.

51. Má iarrann Páirtí sin, cinnfidh an painéal, tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a bhunaithe, cé acu an mbaineann nó nach mbaineann an cás le cúrsaí práinne.

**Q. COSTAIS**

52. Seasfaidh gach Páirtí a speansas féin a dhíorthóidh ó rannpháirtíocht sa nós imeachta painéil.

53. Gan dochar do riail 30, comhroinnfidh na Páirtithe i gcomhpháirt agus go cothrom na speansais a dhíorthóidh ó chúrsaí eagraíochtúla, lena n-áirítear luach saothair agus speansais na bpainéalaithe agus a gcúntóirí.

**R. AISTRIÚCHÁN AGUS ATEANGAIREACHT**

54. Le linn na gcomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 47 den Chomhaontú nó le linn na headrána dá dtagraítear in Airteagal 48 den Chomhaontú, agus tráth nach déanaí ná an cruinniú dá dtagraítear i riail 14 de na Rialacha Nós Imeachta seo, déanfaidh na Páirtithe a ndícheall teacht ar chomhaontú faoin teanga oibre choiteann le haghaidh na n-imeachtaí os comhair an phainéil.

55. Mura n-éiríonn leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú faoi theanga oibre choiteann, cuirfidh gach Páirtí a aighneachtaí i scríbhinn isteach ina rogha teanga.. Ag an am céanna cuirfidh gach Páirtí aistriúchán ar fáil sa teanga a roghnóidh an Pháirtí eile, mura scríobhtar a aighneachtaí i gceann de theangacha oibre EDT. An Páirtí a ndearnadh gearán ina aghaidh, socróidh sé ateangaireacht a dhéanamh ar aighneachtaí ó bhéal go na teangacha a roghnaigh na Páirtithe.

56. Eiseofar tuarascálacha agus cinntí an phainéil sa teanga nó sna teangacha a roghnaigh na Páirtithe. Murar tháinig na Páirtithe ar chomhaontú faoi theanga oibre choiteann, eiseofar tuarascáil eatramhach agus chríochnaitheach i gceann de theangacha oibre EDT.

57. Féadfaidh aon Pháirtí barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas an aistriúcháin ar aon leagan aistrithe de dhoiciméad a tarraingíodh suas i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta seo.

58. Seasfaidh gach Páirtí costais an aistriúcháin ar a chuid aighneachtaí i scríbhinn. Aon chostas a thabhaítear as an aistriúchán ar rialú, íocfaidh na Páirtithe as go comhionann.

**S. NÓSANNA IMEACHTA EILE**

59. Déanfar na tréimhsí ama a leagtar síos sna Rialacha Nós Imeachta seo a choigeartú i gcomhréir leis na tréimhsí ama speisialta dá bhforáiltear maidir le glacadh tuarascála nó cinnidh ag an bpainéal sna himeachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 54 (An tréimhse ama réasúnta maidir le comhlíonadh), Airteagal 55 (Athbhreithniú ar aon bheart a ghlacfar chun an rialú ón bpainéal eadrána a chomhlíonadh), Airteagal 56 (Leigheasanna sealadacha i gcás neamhchomhlíontachta) agus Airteagal 57 (Athbhreithniú ar aon bheart a dhéantar chun é a chomhlíonadh tar éis leigheasanna sealadacha a ghlacadh) den Chomhaontú.

# IARSCRÍBHINN

## CÓD IOMPAIR

### I. Sainmhínithe

1. Sa Chód Iompair seo:

(a) ciallaíonn 'foireann riaracháin', i leith painéalaí, daoine aonair faoi stiúradh agus rialú painéalaí, seachas cúntóirí;

(b) ciallaíonn 'cúntóir' duine aonair a dhéanann, faoi théarmaí ceapacháin painéalaí, taighde don phainéalaí sin nó a thugann cúnamh don phainéalaí sin;

(c) ciallaíonn 'iarrthóir' duine aonair a bhfuil a ainm ar an liosta painéalaithe dá dtagraítear in Airteagal 64 (Liostaí na n-eadránaithe) den Chomhaontú nó atá faoi bhreithniú lena roghnú mar phainéalaí faoi Airteagal 50 (An painéal eadrána a bhunú) den Chomhaontú;

(d) ciallaíonn 'idirghabhálaí' duine a roghnaíodh mar idirghabhálaí i gcomhréir le hAirteagal 48 (Idirghabháil) den Chomhaontú;

(e) ciallaíonn 'painéalaí' nó 'idirghabhálaí' comhalta de phainéal.

### II. Prionsabail Rialaithe

2. Chun sláine agus neamhchlaontacht an tsásra um réiteach díospóidí a chaomhnú, déanfaidh gach iarrthóir agus gach painéalaí an méid a leanas:

(a) gheobhaidh sé eolas ar an gCód Iompair seo;

(b) beidh sé neamhspleách neodrach;

(c) seachnóidh sé gach coinbhleacht leasa, idir dhíreach agus neamhdhíreach;

(d) mí-iompar agus dealramh mí-iompair nó claontachta a sheachaint;

(e) cloífidh sé le hardchaighdeáin iompair; agus

(f) ní bheidh sé faoi thionchar an leasa phearsanta, brúnna seachtracha, cúiseanna polaitíochta, agóidí poiblí, dílseacht do Pháirtí ná eagla a cháinte.

3. Ní rachaidh aon phainéalaí faoi aon oibleagáid ná ní ghlacfaidh sé go díreach ná go hindíreach le haon sochar a chuirfeadh isteach ar aon bhealach ar chomhlíonadh cuí a dhualgais, nó a mbainfeadh an chosúlacht leis go gcuirfeadh sé isteach ar chomhlíonadh na ndualgas sin.

4. Ní úsáidfidh aon phainéalaí a stádas mar chomhalta den phainéal chun aon leas pearsanta nó príobháideach a chur chun cinn. Seachnóidh gach painéalaí aon ghníomhaíocht a spreagfadh an bharúil go bhfuil cumas speisialta ag daoine eile tionchar a imirt air.

5. Áiritheoidh gach painéalaí nach mbeidh tionchar ar a iompar ná a bhreithiúnas ag caidreamh ná dualgais atá nó a bhí aige, de chineál airgeadais, tráchtála, gairmiúil, pearsanta ná sóisialta.

6. Seachnóidh gach painéalaí aon chaidreamh a dhéanamh, nó aon leas airgeadais a fháil ar dhócha go ndéanfadh sé dochar dá neamhchlaontacht, nó a d'fhéadfadh cur le dealramh réasúnach go mbeadh iompar míchuí nó claonadh i gceist.

### III. Oibleagáidí maidir le nochtadh

7. Sula nglacfaidh sé lena cheapachán mar phainéalaí faoi Airteagal 50 (An painéal eadrána a bhunú) den Chomhaontú, nochtfaidh iarrthóir a n-iarrfar air a bheith ina phainéalaí aon leas, aon ghaol nó aon ní ar dóigh dó difear a dhéanamh dá neamhspleáchas nó dá neamhchlaontacht nó a d'fhéadfadh cur le dealramh réasúnach go mbeadh iompar míchuí nó claonadh sna himeachtaí. Chun na críche sin, déanfaidh an t-iarrthóir gach iarracht réasúnta teacht ar an eolas faoi aon leas, aon chaidreamh agus aon ghnó den chineál sin, lena n-áirítear leasanna airgeadais, gairme, fostaíochta nó teaghlaigh.

8. Is oibleagáid bhuan í an oibleagáid faoi mhír 7 maidir le nochtadh lena gceanglaítear ar gach painéalaí aon leas, caidreamh nó gnó den chineál sin a d'fhéadfadh teacht chun cinn aon tráth le linn na n-imeachtaí a nochtadh.

9. Cuirfidh iarrthóir nó painéalaí in iúl don Choiste CCE lena mbreithniú aon ábhar a bhaineann le sáruithe iarbhír nó féideartha ar an gCód Iompair sin a luaithe a thagann sé ar an eolas faoi.

### IV. Dualgais na bpainéalaithe

10. Tar éis dó glacadh lena cheapachán, beidh painéalaí in ann tosú ar a dhualgais agus cuirfidh sé i gcrích iad go cuimsitheach agus go héifeachtach ó le linn na n-imeachtaí, agus é ag léiriú cothromais agus dúthrachta.

11. Is iad na ceisteanna a tarraingíodh anuas le linn na n-imeachtaí agus ar gá iad chun cinneadh a dhéanamh, agus na ceisteanna sin amháin, a scrúdóidh an painéalaí, agus ní tharmligfidh sé an dualgas sin chuig aon duine eile.

12. Déanfaidh painéalaí gach beart is iomchuí chun a áirithiú go bhfuil a chúntóirí agus a fhoireann riaracháin ar an eolas faoi na hoibleagáidí arna dtabhú ag eadránaithe faoi Chodanna II, III, IV agus VI den Chód Iompair seo agus go gcomhlíonfaidh siad na hoibleagáidí sin.

### V. Oibleagáidí na nIar-Phainéalaithe

13. Seachnóidh gach iar-phainéalaí gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh cur le dealramh go raibh sé claonta agus é ag comhlíonadh a ndualgas nó gur bhain sé buntáiste as cinneadh an phainéil.

14. Comhlíonfaidh gach iar-phainéalaí na hoibleagáidí i gCuid VI den Chód Iompair seo.

## VI. Rúndacht

15. Ní dhéanfaidh painéalaí, tráth ar bith, aon fhaisnéis a nochtadh nach faisnéis phoiblí í a bhaineann leis na himeachtaí nó a fuarthas le linn na n-imeachtaí ar ceapadh é ina leith. . Ní dhéanfaidh painéalaí, in aon chás, an fhaisnéis sin a nochtadh ná a úsáid chun buntáiste pearsanta a fháil nó buntáiste a fháil do dhaoine eile ná chun dochar a dhéanamh do leas daoine eile.

16. Ní dhéanfaidh painéalaí cinneadh de chuid an phainéil nó codanna de a nochtadh sula bhfoilseofar é i gcomhréir le Caibidil 3 (Nósanna imeachta um réiteach díospóidí) den Chomhaontú.

17. Ní dhéanfaidh painéalaí, tráth ar bith, na pléití de chuid painéil, ná aon tuairim ó phainéalaí, a nochtadh ná ní dhéanfaidh sé aon ráiteas ar na himeachtaí ar ceapadh é ina leith ná ar na saincheisteanna atá faoi dhíospóid sna himeachtaí.

## VII. Caiteachas

18. Déanfaidh gach painéalaí taifead ar an méid ama a caitheadh ar na himeachtaí, ar an gcaiteachas a rinne sé agus ar an méid ama a chaith a chúntóirí agus a fhoireann riaracháin; agus ar an gcaiteachas a rinne siad.

## VIII. Idirghabhálaithe

19. Bainfidh an Cód Iompair seo le hidirghabhálaithe, *mutatis mutandis*.

****